C/2026/5126

5.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5126)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Vaca Gallega — Buey Gallego'

Uimhir thagartha AE: PGI-ES-02308-AM01 — 6.7.2026

1. **Ainm an táirge**

'Vaca Gallega – Buey Gallego'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Roinn Gnóthaí Tuaithe, Rialtas Réigiúnach na Gailíse, Gníomhaireacht na Gailíse um Cháilíocht Bia (Agacal)

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Meastar gur leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe atá le tabhairt isteach i sonraíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Vaca Gallega – Buey Gallego' toisc nach bhfuil athrú ar ainm an ainmniúcháin ná ar úsáid an ainmniúcháin i gceist leo, ná nach bhfuil aon riosca ann go maolófar an nasc idir an táirge agus an chríoch, ná nach bhfuil srianta ar thrádáil i gceist leo, arb iad na gnéithe iad a mbeadh formheas ón gCoimisiún Eorpach ag teastáil lena leasú mar a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar an gcruth conablaigh íosta incháilithe.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Baineann an leasú leis an tuairisc ar an táirge, a leagtar amach i bpointe B den tsonraíocht táirge agus pointe 4.2 den doiciméad aonair.

Tagann conablaigh 'Vaca Gallega – Buey Gallego' go heisiach ó ainmhithe fásta a bheathaítear agus a ramhraítear go cúramach, rud a thagann faoi chatagóirí eallaí fásta agus eallaí troma. Seasann na conablaigh sin amach mar gheall ar a gcruth conablaigh maith agus táirgeacht ard feola, i gcomhréir leis na caighdeáin barr feabhais a bhaineann leis an tásc geografach faoi chosaint sin. Is de dheasca éagsúlachtaí nádúrtha idir ainmhithe nó toisc, ag deireadh na tréimhse tógála, nár baineadh amach an leibhéal forbartha is fearr is inmhianaithe iad cásanna ina bhféadfadh an cruth a bheith beagán níos lú forbartha. Mar sin féin, ráthaítear i gcónaí comhlíonadh na gcritéar cáilíochta a bhaineann go sonrach leis an tásc geografach.

Is é is aidhm don leasú ar an gceanglas íosta maidir le comhréireacht incháilithe aonfhoirmeacht níos fearr a bhaint amach maidir le conablaigh dheimhnithe agus, ar an gcaoi sin, cáilíocht an táirge a fheabhsú a thuilleadh. Chuige sin, measadh gurbh iomchuí catagóir O+ a bhunú mar an cruth conabalaigh íosta incháilithe, ionas go mbeadh na catagóirí seo a leanas incháilithe le haghaidh deimhniúcháin: E, U, R agus O+. Dá bhrí sin, eisiadh catagóir O, a bhí incháilithe roimhe seo.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar thréimhse an mheáthaithe íosta.

Tuairisc

Baineann an leasú sin leis an modh táirgthe a áirítear i bpointe E den tsonraíocht táirge. Tá mionathrú ar fhoclaíocht phointe 6 (Nasc leis an limistéar geografach) den doiciméad aonair i gceist leis freisin.

I dtáirgeadh mairteola aosaí, tá sé fíor-riachtanach na hainmhithe (ba agus bulláin) a mhéathú i gceart chun conablaigh a fháil a bhfuil leibhéal ard bhrat na saille acu. Ní mór an próiseas sin a phleanáil agus bail feola an ainmhí á cur san áireamh, chomh maith lena chleachtais bhainistíochta agus bheathaithe. Ceanglaítear leis an tsonraíocht táirge atá ann faoi láthair íostréimhse bhailchríche 6 mhí roimh mharú le haghaidh na n-ainmhithe uile, gan beann ar an gcineál feirmeoireachta ar an ngabháltas as a dtagann siad.

Mar sin féin, baineann bail feola go díreach le cineál feirmeoireachta an ghabháltais beostoic tionscnaimh. I gcás ba ó ghabháltais atá dírithe ar fheoil, ina bhfuil géineolaíocht na n-ainmhithe bunaithe ar phórtha a bhaineann go sonrach le táirgeadh feola, rud a mbíonn cruth moirfeolaíoch níos fearr mar thoradh air, meastar go bhfuil tréimhse an mhéathaithe íosta le linn na 6 mhí roimh an marú inmholta ach nach bhfuil sí fíor-riachtanach. Os a choinne sin, i gcás ba ó fheirmeacha déiríochta, tá an tréimhse íosta sin fíor-riachtanach. Is amhlaidh atá toisc, ag deireadh an lachtaidh, go dteastaíonn próiseas téarnaimh colainne agus ramhraithe ó na hainmhithe chun leibhéal íosta bhrat na saille a cheanglaítear faoin tsonraíocht táirge a bhaint amach.

Dá réir sin, tá sé beartaithe leis an leasú seo nach mbeidh an tréimhse chríochnaithe éigeantach ach amháin i gcás ainmhithe ó ghabháltais déiríochta, agus gur moladh a bheidh fós ann i gcás ainmhithe ó ghabháltais atá dírithe ar fheoil.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Roinnt cleachtas a chur san áireamh lena bhfeabhsaítear leas ainmhithe.

Tuairisc

Níl aon tionchar ag an leasú sin, mar a luaitear, ar phointe E (Modh táirgthe) den tsonraíocht táirge, ar an doiciméad aonair.

Leasú eile ar phointe E maidir leis an modh táirgthe is ea cleachtais áirithe a áireamh arb é is aidhm dóibh cosaint an chomhshaoil agus leas ainmhithe a chur chun cinn, chomh maith le dálaí maithe sláinteachais agus sláinte. Tá baint dhíreach ag na cleachtais sin le táirgeadh táirgí ardcháilíochta agus meastar, dá bhrí sin, gur gá iad a áireamh go sainráite sa tsonraíocht táirge. Go háirithe, áirítear roinnt ceanglas maidir le glaineacht agus saoirse gluaiseachta

ainmhithe, riocht na gclós agus na n-áiteanna scíthe, aeráil agus soilsiú, innilt agus rochtain ar bheatha agus ar uisce agus, go ginearálta, maidir le faireachán a dhéanamh ar bhail na saoráidí agus ar shláinte na n-ainmhithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tréimhsí aistarraingthe le haghaidh cóireálacha teiripeacha.

Tuairisc

Baineann leasú eile, a dhéanann difear freisin do phointe E den tsonraíocht táirge agus nach bhfuil aon tionchar aige ar an doiciméad aonair, le cóireálacha teiripeacha d'ainmhithe.

Cleachtas caighdeánach rialáilte is ea bunú íostréimhsí aistarraingthe is infheidhme maidir le cóireálacha teiripeacha a thugtar d'ainmhithe sula maraítear iad, nach mór a chomhlíonadh i gcomhréir leis na rialacha sláinte atá i bhfeidhm. Is é is aidhm do na teorainneacha ama sin, arna mbunú le dlí, a áirithiú go bhfuil na táirgí a fhaightear sábháilte lena gcaitheamh ag an duine, agus cinntear iad ar bhonn critéir eolaíocha atá bailíochtaithe go forleathan.

Sa chomhthéacs sin, ní thagann an fhoráil atá sna sonraíochtaí tairisceana – lena gceanglaítear síneadh a chur leis na tréimhsí sin suas le dhá oiread a bhfaid – faoin gcreat dlíthiúil is infheidhme. Níl aon bhunús ag an gceanglas sin in aon fhoráil rialála, ná ní thacaíonn fianaise eolaíoch leis lena léirítear an gá lena chur i bhfeidhm. Ar an gcaoi chéanna, níl aon staidéar, anailís riosca ná toradh teicniúil ann a thugann údar le síneadh a chur leis an tréimhse sin, go háirithe ós rud é go bhfuil tréimhsí aistarraingthe fada sábháilte san áireamh cheana féin i dtáirgí tréidliachta údaraithe. Dá bhrí sin, tá cur i bhfeidhm leanúnach an cheanglais sin gan bhunús agus níor cheart é a bheith sainordaitheach a thuilleadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Aosú feola.

Tuairisc

Is cleachtas é feoil ó bha fásta agus ó bhulláin a aosú atá beartaithe go príomha chun feabhas a chur ar thréithe orgánaileipteacha an táirge, a mbraitheann a fhad ar threochtaí tomhaltais agus ar thosaíochtaí margaidh. Níl aon tréimhse optamach ná chaighdeánaithe ann; ina ionad sin, tá réimse leathan féidearthachtaí ann ó chúpla lá go roinnt míonna agus fiú níos mó ná bliain i bpróisis 'aosaithe tirime'. Léiríonn an éagsúlacht sin freisin na difríochtaí bunúsacha idir gearrthacha, a eascraíonn as cineál agus aois na n-ainmhithe.

Sa chleachtas, is iad bialanna agus bunaíochtaí margaíochta speisialaithe a dhéanann an próiseas aosaithe agus a chinneann fad an phróisis de réir phróifílí a gcustaiméirí agus a straitéisí tráchtála féin. Ar an gcúis sin, ní cuid de phróiseas táirgthe an táirge faoi chosaint í an chéim sin ach cuid dá mhargú ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, is iomchuí cineál sainordaitheach agus tréimhsí aosaithe a bhaint toisc gur ceanglas gan údar iad a d'fhéadfadh bac a chur ar mhargú cuí an táirge.

Mar atá thuas, déanann an t-athrú sin difear do phointe E den tsonraíocht táirge, a chomhfhreagraíonn don mhodh táirgthe, agus do phointe 4.5 den doiciméad aonair, agus tá údar leis mar gheall ar an ngá atá le margú an táirge faoi chosaint a éascú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

An fheoil chosanta a reo.

Tuairisc

Ar mhargadh na Spáinne, agus i bhformhór Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, déantar mairteoil fásta a mhargú agus í fuaraithe ar fad nach mór, toisc gurb é sin an modh caomhnaithe is fearr le tomhaltóirí. Is iondúil go mbíonn mbaintear den táirge mar thoradh ar mhairteoil reoite a dhíol leis an tomhaltóir deiridh, agus i gcás mairteola a chumhdaítear le tásc geografach faoi chosaint, d'fhéadfadh sé difear diúltach a dhéanamh dá clú fiú. Ar an margadh inmheánach, ní bhaineann reo ach leis na codanna sin den chonablach atá beartaithe chun táirgí próiseáilte a tháirgeadh agus ní bhaineann sé le príomhghearrthacha.

An tráth céanna, tá ardchórais phacáistíochta ionchorpraithe i dtionscal na feola le blianta anuas lena gcuirtear síneadh le seilfré feola agus lena mbarrfheabhsaítear bainistiú stoic, lena n-áirithítear go sroicheann sé díolphointí gan gá le dul i muinín reo, go háirithe nuair a bhíonn amanna iompair gearr. Mar sin féin, tá margaí idirnáisiúnta a bhfuil borradh fúthu nach féidir táirge fuaraithe a chur orthu toisc go bhfágann amanna fada iompair go bhfuil sé deacair an slabhra fuar a choinneáil i gceart.

I gcásanna den sórt sin, ní mór d'oibreoirí dul i muinín reo chun mairteoil TGFC 'Vaca Gallega – Buey Gallego' a mhargú faoi na dálaí is fearr is féidir. Ina theannta sin, sna margaí sin nach ndéantar freastal ceart orthu, is cleachtas coitianta é mairteoil reoite a mhargú, cleachtas a nglactar leis, gan aon chaillteanas suntasach ar luach eacnamaíoch ná ar íomhá an táirge a bheith i gceist leis sin. Ós rud é gur ar éigean a athraíonn reo príomhthréithe orgánaileipteacha agus tráchtála na feola, is modh caomhnaithe oiriúnach agus riachtanach é ó thaobh lóistíochta de chun rochtain ar na cinn scríbe sin a ráthú gan cosaint an táisc gheografaigh a thabhairt suas.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá sé beartaithe a áireamh sa tsonraíocht an fhéidearthacht feoil TGFC 'Vaca Gallega – Buey Gallego' a reo lena margú ar mhargaí tríú tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach, cé is moite d'Andóra agus Giobráltar, nach gá dóibh, mar gheall ar a ngaireacht, dul i muinín an nós imeachta sin chun rochtain leordhóthanach ar an margadh a áirithiú.

Baineann an leasú seo le mionathrú ar an tuairisc ar an táirge – pointe B den tsonraíocht táirge agus pointí 4.1 agus 4.2 den doiciméad aonair – agus freisin ar an modh táirgthe, a leagtar amach i bpointe E den tsonraíocht táirge.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar na lipéid

Tuairisc

Ní áirítear siombail na hEorpa le haghaidh tásca geografacha faoi chosaint sna dearaí lipéid le haghaidh 'Vaca Gallega' agus 'Buey Gallego' a áirítear sa tsonraíocht agus sa doiciméad aonair atá ann faoi láthair. Meastar, dá bhrí sin, gurb iomchuí é a leasú chun an tsiombail sin a chur san áireamh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí dlí a thabhairt cothrom le dáta.

Tuairisc

Rinneadh roinnt tagairtí dlíthiúla a bhí as dáta le himeacht ama a thabhairt cothrom le dáta. Leasaíodh na tagairtí don Bhord Rialála um Thásca Geografacha faoi Chosaint 'Carne de Vacuno de Galicia' freisin chun a ainm nua, an Bord Rialála um Thásca Geografacha faoi Chosaint 'Ternera Gallega' agus 'Vaca Gallega – Buey Gallego' a léiriú, agus rinneadh roinnt ceartúcháin fhoirmiúla freisin ar théacs na sonraíochta chun é a fheabhsú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Vaca Gallega — Buey Gallego'

Uimhir thagartha AE: PGI-ES-02308-AM01 — 6.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Vaca Gallega – Buey Gallego'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0201 — Feoil ó bhó-ainmhithe, atá úr nó fuaraithe

0202 — Feoil ó bhó-ainmhithe, reoite

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Feoil úr ó bha na Gailíse agus ó bhulláin ó na pórtha seo a leanas: Fionn na Gailíse, Donn na Gailíse (Cachena, Caldelana, Frieiresa, Limiana agus Vianesa), Asturiana de los Valles, Limousin, Blonde d'Aquitaine, Freaslannach, agus Alpach Donn, cibé acu pórtha folaíochta nó crosantaigh iad.

Déantar idirdhealú idir na cineálacha ainmhithe seo a leanas ar bhonn a ngnéis, a n-aoise agus an chórais táirgthe:

(a) 'Vaca' [bó]: beithigh bhaineanna a raibh gamhain acu ar a laghad uair amháin sular maraíodh iad. Tá dath dearg go dath dearg an tsilín ar an bhfeoil sin agus geir ina ribíní tanaí tríthi. Tá idir dath bán an uachtair go dath bánbhuí ar an tsaill, lena mbaineann uigeacht dhaingean agus snáithíní atá daingean faoi do lámh.

— Cruth conablaigh: E, U, R agus O+. I gcás gur ó eallaí den phór donn na Gailíse na conablaigh, ní chuirfear an cruth san áireamh.

— Méid bhrat na saille: 5, 4 agus 3.

(b) Buey [bullán]: beithigh fhireanna a choilltear sula mbaineann siad 1 bhliain d'aois amach agus atá níos sine ná 48 mí d'aois tráth an mharaithe. Tá dath idir dearg agus deargchorcra ar a gcuid feola, agus geir bhreá tríthi. Tá idir dath bán an phéarla go dath buí ar an tsaill, lena mbaineann uigeacht dhaingean agus snáithíní atá daingean faoi do lámh.

— Cruth conablaigh: E, U agus R.

— Méid bhrat na saille: 5 agus 4.

Tá boladh saille ainmhíche ag feoil 'Vaca Gallega – Buey Gallego' mar gheall ar bhrat na saille (tá an meánchéatadán saille ionmhatánaí sna conablaigh níos mó ná 5,6 %); tá sé bog agus súmhar sa bhéal agus blas láidir fada feola uirthi agus iarbhlas beagán aigéadach uirthi.

Ní mór na conablaigh, na ceathrúna, an luan agus na gearrthacha eile atá beartaithe le haghaidh filléadaithe agus le díol úr leis an tomhaltóir agus de réir an ghearrtha a bheith curtha i láthair agus iad fuaraithe. Má dhéantar próisis reo orthu, cailleann siad cosaint an TGFC, ach amháin má tá sé beartaithe iad a onnmhairiú chuig tríú tíortha lasmuigh den Aontas (chun críocha na heisceachta seo, ní mheasfar Andóra ná críoch Ghiobráltar a bheith amhlaidh).

Féadfar an focal 'selección' a úsáid chun lipéadú a dhéanamh ar fheoil arna cumhdach ag TGFC ó chonablaigh 'Vaca Gallega' agus 'Buey Gallego' araon, ar feoil í atá suntasach mar gheall ar mhéid na geire atá tríthi agus ar dhath cróchbhuí bhrat na saille agus a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

— Cruth an chonablaigh: E, U agus R+.

— Méid bhrat na saille: 5 agus 4+.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Le linn a saol táirgthe, tá beatha na mbó agus na mbullán bunaithe ar innilt, ar fharae úr (féar agus gránaigh) agus ar fharae caomhnaithe (féar sadhlais, arbhar Indiach sadhlais agus féar tirim), arna fhorlíonadh le gráin, prátaí, tornapaí, tuí agus beatha cumaisc.

Tá aeráid éadrom an Atlantaigh i bhfabhar úsáid fhlúirseach luath a bhaint as farae ardfhuinnimh agus ar ardchaighdeán próitéine, rud a chinntíonn soláthar beatha na n-ainmhithe. Cuirtear san áireamh freisin nach mór nach sáraíonn an meándlús bliantúil stocála 2 aonad beostoic in aghaidh an heicteáir den limistéar talmhaíochta a úsáidtear.

Ní mór go dtagann formhór an fharae a úsáidtear ón ngabháltas féin agus ar a laghad 80 % de ón limistéar geografach atá cumhdaithe faoin TGFC. Cuimsítear sna speicis atá le fáil i móinéir na Gailíse féara den chuid is mó (feisciú, muiríneach, cuise, seagalach agus garbhfhéar) agus, cé nach mbíonn siad chomh fairsing céanna, léagúim (seamair agus crobh éin). Forlíontar ionchur fuinnimh na beatha le harbhar Indiach sadhlais aibí agus neamhaibí agus le min ghránach.

Le linn na céime méathaithe, féadfar aiste bia na n-ainmhithe a fhorlíonadh le beatha cumaisc, suas le huasmhéid 1 kg d'ábhar tirim in aghaidh an lae agus meánmheáchan beo 100 kg le linn na céime sin. Ní mór beatha den sórt sin a bheith déanta as amhábhair de bhunadh plandaí. Ní mór ar a laghad 80 % de ghránaigh agus de dhíorthaigh arbhair, léagúm agus olashíolta a bheith ann. Tá toirmeasc sainráite ar úsáid táirgí a d'fhéadfadh cur isteach ar ghnáthráta fáis na mbó agus na mbullán, agus ar úsáid seachtháirgí ainmhithe athchúrsáilte.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór breith, tógáil, ramhrú agus marú na mbó agus na mbullán agus gearradh na gconablach tarlú sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar an táirge a bheith filléadaithe, pacáistithe agus lipéadaithe i ngléasraí próiseála feola atá cláraithe leis an mBord Rialála nó i mbunaíochtaí a bhfuil comhaontú comhair sínithe acu cheana leis an mBord Rialála a chumhdaíonn rialú, lipéadú agus margú an táirge faoi chosaint.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an t-ainm cláraithe 'Vaca Gallega – Buey Gallego' agus an lógó TGFC a bheith ar gach conablach, ceathrú, gearradh agus cuid:

Vaca Gallega
Buey Gallego
INDICACIÓN GEOGRÁFICA PROTEGIDA

Ní mór na focail ‘Vaca Gallega’ nó ‘Buey Gallego’ (ag brath ar an gcineál feola) a bheith ar gach lipéad sa réimse radhairc céanna leis an ainm cláraithe agus an lógó TGFC, mar a thaispeántar sa tsamhail thíos:





5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is éard atá sa limistéar geografach atá cumhdaithe ag an tásc geografach faoi chosaint ‘Vaca Gallega – Buey Gallego’ Comhphobal Féinrialaitheach iomlán na Gailíse.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar na nithe seo a leanas:

☑ clú

☑ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile.

Achoimre ar an nasc

Bunaítear an nasc idir an limistéar geografach agus feoil 'Vaca Gallega – Buey Gallego' ar shaintréithe sonracha an táirge agus neartaítear é de bharr a chlú.

Saintréithe fisiceacha agus tosca nádúrtha sa limistéar geografach

Tá baint stairiúil ag tógáil agus ramhrú bó agus bullán atá oiriúnach do tháirgeadh 'Vaca Gallega – Buey Gallego' le timpeallacht gheografach shonrach na Gailíse, go háirithe mar gheall ar a hithir agus a dálaí aeráide le haghaidh táirgeadh foráiste.

Is iad réchnoic agus sléibhte ísle is mó atá i dtírdhreach na Gailíse, agus is annamh a bhíonn siad níos airde ná 800 m, measctha le gleannta a bhfuil foscadh ann, rud a fhágann gur féidir iad a chur ag innilt ó cheann ceann na bliana. Déanann líonra mór aibhneacha iad a uisciú agus sin a sholáthraíonn uisce le haghaidh uisciúcháin agus lena ól ag na ba agus na bulláin. Tá an t-uisce sách ard i sóidiam agus clóirídí, ach íseal i gcailciam, maignéisiam agus sileacan.

Tá na hithreacha den chuid is mó ar charraigeacha eibhreacha, siostaí agus sceall, arb é is saintréith díobh a n-aigéadacht agus a méid ard ábhair orgánaigh. Tá an aeráid measartha lena mbaineann tionchar láidir aigéin, agus sonraítear ann teochtaí éadroma (meán ualaithe níos mó ná 13 C) agus frasaíocht fhlúirseach (os cionn 1 100 mm/bliain).

Tá flóra an-éagsúil mar thoradh ar na dálaí timpeallachta seo, ina bhfuil heimicriptifítí den chuid is mó, agus tá formhór na speiceas aigéadaifileach oiriúnaithe go háitiúil. Go háirithe, is iad seo na speicis móinéir nádúrtha, go háirithe féara (go príomha feisciú, muiríneach, cuise, seagalach agus garbhfhéar) agus chomh maith leis sin léagúim (seamair agus crobh éin), agus go leor éicitíopaí ann agus cineálacha le bonn géiniteach dúchasach. Bíonn siad faoi bhláth sa cheantar agus tá luach orthu de bharr go bhfuil siad curtha in oiriúint dó.

Cuireann na dálaí nádúrtha seo táirgeadh foráiste chun cinn agus ciallaíonn sé sin gur féidir na ba agus na bulláin a chothú, den chuid is mó, ar acmhainní an ghabháltais féin.

Tosca stairiúla agus daonna

Téann tógáil bó agus bullán sa Ghailís siar go dtí an ré réamhstairiúil. Ón 12ú haois ar aghaidh, forbraíodh samhail táirgthe inar ionchorpraíodh ba agus bulláin de réir a chéile i bhfeidhmiú feirmeacha teaghlaigh. Tá a tábhacht le feiceáil ón 18ú haois, nuair a d'oibrigh ba agus bulláin sna páirceanna agus ag deireadh a saoil rinneadh iad a ramhrú le haghaidh feola. Idir an 16ú agus an 20ú haois, tógadh aon trian d'eallach na Spáinne sa Ghailís.

I lár an 20ú haois, mar gheall ar chruatan na tréimhse iarchogaidh leanadh ar aghaidh leis na cleachtais táirgeachta thraidisiúnta mar mhodh maireachtála, rud a chiallaigh go ndearnadh an phríomhghné i gcaighdeán an táirge seo a chaomhnú, is é sin modh áirithe ramhraithe, ag úsáid acmhainní áitiúla. Tá tógáil beostoic bunaithe ar fheirmeacha beaga teaghlaigh a choinníonn an tsiombóis idir beostoc, talamh agus daoine agus atá tiomanta do na cleachtais beathaithe agus bainistíochta chúramacha a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Go hachomair, léirigh staraithe rún na mbó agus na mbullán seo: táirgeoirí beaga agus tréada beaga, ainmhithe a oibríonn sna páirceanna – ach gan barraíocht oibre a dhéanamh – agus a dhéantar a ramhrú go cúramach ar fhéar móinéir úir agus ar bheatha eile i stallaí ag deireadh a saoil oibre. Leis an modh ramhraithe seo, ina gcuimsítear cúram na mbó agus na mbullán chomh maith le haclaíocht mheasartha agus a tháinig de réir a chéile chun bheith forleathan ar fud an réigiúin ar fad, agus a bhfuil fianaise ina leith a thaispeánann do dtéann sé siar na céadta blianta, déantar caighdeán deiridh na feola a fheabhsú agus cabhraíonn sé chun í a idirdhealú ó cineálacha feola eile. Ba é a cháil, chomh luath agus is sa 18ú agus sa 19ú haois, gur chuir go leor saineolaithe, amhail Martín Sarmiento, N. Casas agus R. Jordana y Morera, an Ghailís agus a feirmeoirí beostoic i láthair mar eiseamláir don chuid eile den Spáinn: 'gabháltais bheaga ina gcuirtear talmhaíocht agus tógáil beostoic le chéile chun saibhreas a chruthú, chun an talamh a phobalú agus an beostoc agus an fheoil is fearr sa ríocht a tháirgeadh.'

Tá an córas táirgthe is coitianta leathfhairsing mar gheall ar a chomhoiriúnacht le tír-raon na Gailíse agus cineál an mhéid ilroinnte agus cineál na bhfeirmeacha ar scála beag. Is iondúil go mbíonn na ba agus na bulláin ag innilt i rith an lae agus coimeádtar iad i stáblaí san oíche, áit a dtugtar breis beatha dóibh.

Moltar íostréimhse mhéathaithe 6 mhí roimh mharú do bha ó ghabháltais atá dírithe ar fheoil. I gcás ba ó ghabháltais déiríochta, beidh an íostréimhse sin éigeantach. Sin é an fáth, de réir thraidisiún na Gailíse, go gcoimeádtar na hainmhithe i stáblaí – nó go bhfuil a gcuid gluaiseachtaí sa pháirc teoranta ar a laghad – sula maraítear iad.

Saintréithe sonracha an táirge

Tá an meánchéatadán saille ionmhatánaí i gconablaigh 'Vaca Gallega – Buey Gallego' os cionn 5,6 %, figiúr atá i bhfad níos airde ná meánluachanna conablach bó agus bullán eile. Meastar gur toisc dhearfach í seo atá ríthábhachtach do chaighdeán céadfach na feola (a blas, a boige, a súmhaireacht agus a blastacht).

Tá próifíl mhaith lipide ag feoil 'Vaca Gallega – Buey Gallego', arb é is saintréith di an cion ard aigéad sailleach monai-neamhsháithithe agus polai-neamhsháithithe atá inti. Thairis sin, tá an cóimheas aigéid shailligh n-6/n-3 sármhaith mar atá sé ar an meán faoi bhun 2,05.

Nasc cúiseach idir an limistéar geografach, tosca daonna agus saintréithe sonracha an táirge

Córas measctha atá i gceist le modhanna táirgthe feola sa Ghailís ina ndéantar malartú idir innilt agus beathú i stallaí. Baineann na gabháltais úsáid as a n-acmhainní beatha féin agus as a mbarrachais fómhair, ag táirgeadh feoil a bhfuil geir tríthi a sheasann amach as a saintréithe agus a cáilíocht chéadfach.

Is éard atá sa bheatha ná farae agus féara agus léagúim an-táirgiúla go príomha a bhfuil meas ar a n-éiceachórais agus ar a gcineálacha maidir lena n-oiriúnú don timpeallacht áitiúil. Ciallaíonn sé seo, mar aon leis an íostréimhse chríochnaithe 6 mhí ina ndéantar ionchur fuinnimh bheatha na mbó agus na mbullán a fhorlíonadh le harbhar Indiach sadhlais aibí agus neamhaibí, le min ghránach agus le beatha cumaisc freisin, go bhfuil an céatadán thuasluaite de shaill ionmhatánach i gconablaigh 'Vaca Gallega – Buey Gallego', atá níos airde ná meánluachanna conablach eile.

Bíonn próifíl mhaith lipide ag conabhlaigh 'Vaca Gallega – Buey Gallego ina bhfuil líon mór aigéad sailleach monai-neamhsháithithe agus polai-neamhsháithithe i gcomparáid le haigéid shailleacha sháithithe mar thoradh ar an ngnáthamh a bhaineann le ligean do na heallaigh a bheith ag innilt sa gcaoi is go gcuimsítear sa bheatha farae a dtáirgtear 80 % de ar a laghad sa Ghailís, áit a bhfuil speicis féir aigéadaifileacha dúchasacha ann den chuid is mó, agus áit a dtugann comhdhéanamh ceimiceach uisce an réigiúin. Tugann na tosca sin boladh saille ainmhíche don fheoil freisin, blas láidir fada feola agus iarbhlas beagán aigéadach ar saintréithe iad den táirge faoi chosaint.

Bunaítear an nasc idir an limistéar geografach agus saintréithe an táirge sa Tuarascáil lena ndeimhnítear an nasc idir an limistéar geografach agus cáilíocht fheoil bha agus bhulláin na Gailíse, arna dtarraingt suas ag an Fundación Centro Tecnolóxico da Carne (11.4.2016).

Clú

Is mór ag tomhaltóirí feoil "Vaca Gallega – Buey Gallego" agus déantar tagairt di go minic i dtéacsanna cócaireachta ón 19ú haois agus ón 20ú haois. Sa bhliain 1878 dúirt Museros y Rovira: "Tá an fheol trua agus tá blas fíorálainn uirthi mar gheall ar an mbeatha a tugadh don ainmhí." Sa bhliain 1894 thug Ángel Muro, an saineolaí bia is mó riamh i stair cócaireachta na Spáinne, tuairisc air mar seo: "Mairteoil ar ardchaighdeán ó bhó nó ó bhullán, ar a bhfuil dath saibhir, dúdhearg, agus féitheacha inti cosúil le marmar."

I gcás go leor saineolaithe, tá an fheoil seo ar cheann de ghrúpa feolta roghnaithe a mheastar ar an gcuid is fearr ar domhan, i mbúistéirí deilí agus san earnáil cócaireachta *haute cuisine* in go leor tíortha. (Ar a shuíomh gréasáin www.stephanedecotterd.com rinne an cócaire Stéphane Décotterd trácht ar "Le bœuf de Galice, la meilleure viande du monde?"["Mairteoil na Gailíse: an fheoil is fearr ar domhan?"], a foilsíodh an 11.2.2017, agus in El Mundo scríobh an t-iriseoir Manuel Darriba alt dar teideal "El buey gallego. 1 600 kilos de la mejor carne del mundo" ["Bullán na Gailíse: 1 600 cileagram den fheoil is fearr ar domhan"], a foilsíodh an 8.11.2009.) Is táirge é feoil "Vaca Gallega – Buey Gallego" a bhfuil clú agus cáil air mar atá léirithe ag an bhfíric gur féidir é a fháil i siopaí búistéirí speisialaithe, ar bhiachláir i mbialanna ardleibhéil agus i miasa atá ullmhaithe ag cócairí aitheanta.

Ar na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta tá tagairtí iomadúla ann don fheoil, mar shampla: an t-iriseoir Carlos Herrera in *XLSemanal*:'... nuair a chuir an beár Iñaki in Balmaseda píosa ar a ngríoscán, bhí sé amhail is a bheith ar neamh. Ba fhíor-phíosa mairteola Gailísise é ...' (8.4.2018); an t-iriseoir Marie-Claire Digby san Irish Times: 'Ba ó cheann de bha sin na Gailíse a tháinig an píosa mairteola ab fhearr dar ith an cócaire Gareth Smith ...' (2.12.2016). Thug go leor léirmheastóirí bia léirmheas fabhrach ar an bhfeoil (Mike Gibson, Killian Fox, Jay Rayner, Lydia Itoi, Jeffrey Steingarten, Jacob Richler, Janet Mendel, etc.), mar aon le blagadóirí agus lucht déanta tuairimíochta ar speisialtóirí iad i mairteoil ó bha agus bulláin.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://agacal.xunta.gal/sites/default/files/calidade-alimentaria/produtos-carnicos/Pliego-de-condiciones-IGP-Vaca-Gallega_Buey-Gallego-octubre-2025_ES.pdf